GX841

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999 (SEIMEASTAR II)

An Dara Bliain
Athscrúdú sa Tríú/Cheathrú Bliain

ID 495 An Gearrscéal

Prof. E. Bourke, Prof. D. Bradley, Ms. C. Carney, Dr. G. Denvir
Ms. J. Griffin, Mr. F. Kelly, Dr. C. McCarthy

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Freagair **DHÁ** cheist, ceann as **Roinn A** agus ceann as **Roinn B**. In imeacht do dhá aiste ní foláir duit tagairt shubstaintiúil a dhéanamh do thriúr údar ar a laghad de chuid an chúrsa.

Inis san imeall clé ar bharr an leathanaigh chlúdaigh cén triúr (nó níos mó) údar a ndéanfaidh tú tagairt shubstaintiúil dóibh i do chuid freagraí.

Cuir in iúl ar chlúdach an fhreagarleabhair freisin cén roinn a mbaineann do chúrsa leis. Ní foláir duit athrá suntasach a sheachaint i do chuid freagraí ó roinn go chéile.

Roinn A

1. Inis cén chaoi a saothraíonn scríbhneoirí éagsúla de chuid an chúrsa seo mianach gnéithe éagsúla den ghearrscéal.

2. Is cosúil go bhfeileann *genre* an ghearrscéil do charachtair scoite, dífhréamhaithe. An aontófá féin leis an tuairim sin i gcomhthéacs na scéalta atá léite agat don chúrsa seo?

3. Níl sé ar chumas an ghearrscéil, munarb ionann is an t-úrscéal, dul i ngleic le beatha iomlán an duine. De bharr a ghiorrachta, is éasca go mór fada dó díriú ar uair an bháis. Scríobh aiste ar théama an bháis i gcuid ar bith de na scéalta ar do chúrsa.

4. Déan iniúchadh ar úsáid sonraí suntasacha i scéalta údar a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

{Roinn B thall =>}

Roinn B

5. Déan cur síos ar thuairisc García Márquez ar an staid pholaitíochta inar gá dá chuid carachtar a bheith beo.

6. Scríobh aiste ar thábhacht theicníc na heipifeáine **NÓ** ar thábhacht théama na pairilíse le meabhair a bhaint as na scéalta in *Dubliners* le Joyce.

7. Tarlaíonn sé arís agus eile i scéalta Uí Chonaire go mbíonn sé thar achmhainn na gcarachtar aon chaidreamh ná aon chomhbhá a bheith acu le daoine eile. An aontaíonn tú leis an léamh seo?

8. Déan trácht ar an gcaidreamh idir an duine agus an pobal i scéalta Camus.

9. Déan trácht ar thábhacht na cathrach **NÓ** na suibiachta i scéalta Poe.

10. 'Ciaróg' nó 'míoltóg' a tugtar sna haistriúcháin ar an bhfeithide a déantar de Ghregor Samsa. 'Ungeziefer' an focal sa bhunGhearmáinis, foirm uatha den fhocal 'míolra'. Déan trácht ar thábhacht an fhocail seo sa scéal.

11. Déan comórtas agus codarsnacht idir an láimhseáil a dhéanann Natalia Ginzburg agus Italo Svevo ar théama na máthar sa dá scéal atá léite agat.